RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/620 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Aibreán 2021

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagail 31(3) agus 36(4) agus Airteagal 37(4)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 creat nua reachtaíochta maidir le cosc agus rialú galar, ar in-tarchurtha iad go hainmhithe nó go daoine. Go háirithe, leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de (galair liostaithe), agus foráiltear le hAirteagal 9 den Rialachán don chaoi a gcuirfear na rialacha sin i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla galar liostaithe. Déantar foráil i Rialachán (AE) 2016/429 freisin go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(b) de, agus déantar foráil ann maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(c) de agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, déantar foráil ann go bhformheasfaidh an Coimisiún stádas saor ó ghalair nó neamh-vacsaínithe Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh maidir le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429.

(2) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ([2]) ón gCoimisiún déantar galair liostaithe a shainmhíniú ina ngalair de Chatagóir A go Catagóir E, agus foráiltear ann go mbeidh feidhm ag na rialacha a bhaineann le galair a chosc agus a rialú i gcás galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/429, maidir leis na catagóirí galar liostaithe do na speicis agus grúpaí liostaithe de speicis liostaithe dá dtagraítear sa tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Ba cheart don Rialachán seo rialacha a leagan síos a bhaineann le galair de Chatagóir A, de Chatagóir B nó de Chatagóir C.

(3) I Rialachán (AE) 2016/429 meastar gur galair liostaithe na galair seo a leanas: ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (MTBC), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV), liúcóis bhuaibheach eansótach (LBE), ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV), buinneach víreasach bhólachta (BVB), rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch (IBR/IPV), ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky (ADV), fíniú le *Varroa spp*., ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle, ionfhabhtú le fliú éanúil ardphataigineach (HPAI), seipticéime fuilreatha víreasach (VHS), neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN), ionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán atá scriosta sa réigiún ardpholamorfach (ISAV HPR-scriosta), ionfhabhtú le *Marteilia refringens*, ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*, ionfhabhtú le *Bonamia ostreae*, agus ionfhabhtú le víreas na spotaí bána (WSSV). Cumhdaítear gach ceann de na galair liostaithe sin faoi na sainmhínithe ar ghalair de Chatagóir A, de Chatagóir B nó de Chatagóir C a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, agus liostaítear go cuí iad sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe i dtaca le galair a chosc agus a rialú a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpa speiceas lena mbaineann riosca suntasach maidir le leathadh na ngalar sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

(4) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([3]), déantar forlíonadh ar na rialacha maidir le cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i gcás galair liostaithe áirithe ainmhithe talún, uisceacha agus eile, dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429. Go háirithe, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 bunaítear na critéir maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú do Bhallstáit nó criosanna nó deighleoga díobh, agus na ceanglais maidir le cláir dhíothaithe a fhormheas do Bhallstáit nó criosanna nó deighleoga díobh.

(5) Foráiltear le hAirteagal 85 de Rialachán (AE) 2020/689, i gcás na mBallstát nó criosanna díobh a bhfuil clár díothaithe formheasta nó clár faireachais formheasta acu maidir le galair de chatagóir C roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin, measfar go bhfuil clár díothaithe formheasta acu i gcomhréir leis an Rialachán sin go ceann tréimhse 6 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Dá réir sin, ba cheart an teorannú sin a chur in iúl sna hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an Rialachán seo.

(6) Déantar foráil in Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429 maidir leis na rialacha i ndáil le stádas saor ó ghalair atá ann cheana a choinneáil ar bun nó cláir dhíothaithe agus faireachais fhormheasta na mBallstát nó criosanna nó deighleoga díobh a choinneáil ar bun i gcás galair liostaithe áirithe a formheasadh le gníomhartha ón gCoimisiún arna nglacadh i gcomhréir le Treoracha 64/432/CEE ([4]), 91/68/CEE ([5]), 92/65/CEE ([6]), 2005/94/CE ([7]), 2006/88/CE ([8]) nó 2009/158/CE ón gComhairle ([9]). Ina theannta sin, forlíontar le hAirteagail 84 agus 85 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 ina leith sin trí bhearta idirthréimhseacha a leagan síos i dtaca leis na stádais saor ó ghalair atá ann cheana, agus cláir dhíothaithe agus faireachais fhormheasta atá ann cheana féin, maidir leis na galair liostaithe sin.

(7) Ar mhaithe leis an simpliú agus leis an trédhearcacht, sa Rialachán seo ba cheart liostaí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a chur in ionad liostaí na mBallstát, na gcriosanna agus na ndeighleog atá saor ó ghalair cheana féin agus na gclár díothaithe agus faireachais formheasta atá ann cheana féin a leagtar amach sna gníomhartha ón gCoimisiún arna nglacadh de bhun na dTreoracha dá dtagraítear in Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429 agus i dTreoracha áirithe dá dtagraítear in Airteagail 84 agus 85 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.

(8) I gcás galair liostaithe áirithe, leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 rialacha den chéad uair maidir le stádas saor ó ghalair a fhormheas do Bhallstáit nó criosanna nó deighleoga díobh agus, dá bhrí sin, níl feidhm ag forálacha Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429 maidir leis na cásanna sin. Is amhlaidh atá i gcás ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV), ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV), buinneach víreasach bhólachta (BVB) nó ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*. Tá iarratais curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag roinnt Ballstát go ndeonófaí stádas saor ó ghalair dóibh maidir leis na galair liostaithe sin. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin critéir Ranna 1 agus 2 de Chaibidil 4 de Chuid II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena leagtar síos rialacha maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú do Bhallstáit nó criosanna agus deighleoga díobh. Dá bhrí sin, ba cheart stádas saor ó ghalair a dheonú do na Ballstáit sin nó do na criosanna agus na deighleoga ábhartha díobh agus ba cheart iad a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha d'fhaireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe atá liostaithe agus ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

([4]) Treoir 64/432/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1964 maidir le fadhbanna sláinte ainmhithe a dhéanann difear do thrádáil laistigh den Chomhphobal i mbó ainmhithe agus i mucra (IO 121, 29.7.1964, lch. 1977/64).

([5]) Treoir 91/68/CEE ón gComhairle an 28 Eanáir 1991 maidir le coinníollacha i dtaca le sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil laistigh den Chomhphobal in ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair (IO L 46, 19.2.1991, lch. 19).

([6]) Treoir 92/65/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1992 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte ainmhithe, lena rialaítear trádáil agus allmhairithe isteach sa Chomhphobal d'ainmhithe, seamhan, ubháin agus suthanna nach bhfuil faoi réir na gceanglas maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos sna rialacha sonracha Comhphobail dá dtagraítear in Iarscríbhinn A (I) a ghabhann le Treoir 90/425/CEE (IO L 268, 14.9.1992, lch. 54).

([7]) Treoir 2005/94/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le bearta Comhphobail maidir le rialú an fhliú éanúil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/40/CEE (IO L 10, 14.1.2006, lch. 16).

([8]) Treoir 2006/88/CE ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le ceanglais i dtaca le sláinte ainmhithe d'ainmhithe uisceacha agus táirgí uathu, agus maidir le galair áirithe a chosc agus a rialú in ainmhithe uisceacha (IO L 328, 24.11.2006, lch. 14).

([9]) Treoir 2009/158/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha i dtaca le sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil in éanlaith chlóis agus uibheacha goir laistigh den Chomhphobal agus allmhairí díobh as tríú tíortha (IO L 343, 22.12.2009, lch. 74).

(9) I gcás galair liostaithe áirithe, leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 rialacha maidir le cláir dhíothaithe a fhormheas do Bhallstáit nó criosanna nó deighleoga díobh agus, dá bhrí sin, níl siad faoi réir fhorálacha Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429. Is amhlaidh atá i gcás ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (MTBC), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV), liúcóis bhuaibheach eansótach (LBE), ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV), buinneach víreasach bhólachta (BVB) nó ionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*. Tá iarratais curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag roinnt Ballstát go bhformheasfaí na cláir dhíothaithe maidir leis na galair liostaithe sin. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin critéir Chaibidlí 2 agus 3 de Chuid II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena leagtar síos critéir atá le comhlíonadh chun go ndéanfar cláir dhíothaithe le haghaidh galair de Chatagóir B agus de Chatagóir C ainmhithe talún agus uisceacha, faoi seach, a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart na cláir dhíothaithe sin a fhormheas agus ba cheart na Ballstáit nó criosanna agus deighleoga díobh a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(10) I gcás galair liostaithe áirithe, níl iarratais ó Bhallstáit go ndeonófaí stádas saor ó ghalair dóibh nó go bhformheasfaí a gcláir dhíothaithe faighte go fóill ag an gCoimisiún nó níl an measúnú orthu tugtha chun críche go fóill. A luaithe a bheidh an measúnú tugtha chun críche, féadfar na Ballstáit, na criosanna nó na deighleoga ábhartha a liostú sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(11) Ina theannta sin, i gcás ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. Suis*, chuir Ballstát iarratas faoi bhráid an Choimisiúin le déanaí go ndéanfaí stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* a dheonú do chrios. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas critéir Airteagal 71 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena leagtar síos rialacha maidir le haitheantas a thabhairt do stádas saor ó ghalair bunaithe ar chláir dhíothaithe. Dá bhrí sin, ba cheart stádas saor ó ghalair a dheonú don chrios agus ba cheart é a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(12) Maidir le fliú éanúil, foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ón gCoimisiún ([10]), a glacadh de bhun Threoir 2005/94/CE, go bhformheasfaidh na Ballstáit deighleoga éanlaithe clóis agus deighleoga éan eile i mbraighdeanas. Tá liosta na ndeighleog formheasta ar fáil go poiblí agus tá naisc chuig leathanaigh faisnéise idirlíon-bhunaithe na mBallstát ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Maidir le deighleoga éanlaithe clóis agus deighleoga éan eile i mbraighdeanas atá formheasta i ndáil le fliú éanúil faoi Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ba cheart a stádas saor ó ghalair a choinneáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 agus ba cheart iad a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(13) I gCinneadh 2003/467/CE ón gCoimisiún ([11]) liostaítear na Ballstáit agus na réigiúin sna Ballstáit sin a bhfuil stádas oifigiúil saor ó eitinn, saor ó bhrúsallóis agus saor ó LBE acu i gcomhréir le Treoir 64/432/CEE. Ba cheart na Ballstáit agus na réigiúin sna Ballstáit sin a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(14) I gCinneadh 93/52/CEE ón gCoimisiún ([12]) leagtar amach an liosta de na Ballstáit agus na réigiúin sna Ballstáit sin ag a bhfuil stádas oifigiúil saor ó bhrúsallóis (*B. melitensis*) i gcomhréir le Treoir 91/68/CEE. Ba cheart na Ballstáit agus na réigiúin sin a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2005/94/CE ón gComhairle maidir le deighleoga éanlaithe clóis agus deighleoga éan eile i mbraighdeanas a fhormheas i ndáil le fliú éanúil agus bearta coisctheacha bithshlándála breise i ndeighleoga den sórt sin (IO L 181, 14.7.2009, lch. 16).

([11]) Cinneadh 2003/467/CE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2003 lena mbunaítear stádas oifigiúil saor ó eitinn, ó bhrúsallóis, agus ó liúcóis bhuaibheach eansótach Ballstát áirithe agus réigiún áirithe de Bhallstáit maidir le tréada buaibheacha (IO L 156, 25.6.2003, lch. 74).

([12]) Cinneadh 93/52/CEE ón gCoimisiún an 21 Nollaig 1992 ina dtaifeadtar comhlíonadh na gceanglas a bhaineann le brúsallóis (*B. melitensis*) ag Ballstáit nó réigiúin áirithe agus, dá réir sin, stádas a dheonú dóibh mar Bhallstáit nó réigiún atá saor go hoifigiúil ón ngalar (IO L 13, 21.1.1993, lch. 14).

(15) Leagtar amach le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/503/AE ón gCoimisiún ([13]) an liosta de na Ballstáit nó de chríocha sna Ballstáit sin a aithnítear a bheith saor ó varróis i gcomhréir le Treoir 92/65/CEE. Ba cheart na Ballstáit sin nó críoch na mBallstát sin a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(16) Le Cinntí 94/963/CE ([14]) agus 95/98/CE ([15]) ón gCoimisiún, bunaítear gur stádas "neamh-vacsaínithe" maidir le galar Newcastle atá ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn i gcomhréir le Treoir 2009/158/CE. Ba cheart na Ballstáit sin a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(17) I gCinneadh 2004/558/CE ón gCoimisiún ([16]), leagtar amach na liostaí de réigiúin na mBallstát a bhfuil stádas saor ó IBR acu agus de réigiúin na mBallstát a bhfuil clár dhíothú IBR formheasta acu i gcomhréir le Treoir 64/432/CEE. Ba cheart na réigiúin a bhfuil stádas saor ó IBR acu a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ba cheart do na réigiúin sin a bhfuil cláir dhíothú IBR fhormheasta acu a gclár a choinneáil ar bun go ceann tréimhse theoranta ama i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/689, agus ba cheart iad a liostú sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(18) I gCinneadh 2008/185/CE ón gCoimisiún ([17]), leagtar amach na liostaí de na Ballstáit nó de na réigiúin sna Ballstáit sin a bhfuil stádas saor ó ghalar Aujeszky acu agus na réigiúin a bhfuil clár dhíothú Aujeszky formheasta acu i gcomhréir le Treoir 64/432/CEE. Ba cheart na Ballstáit sin nó na réigiúin sna Ballstáit sin a bhfuil stádas saor ó ghalar Aujeszky acu a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ba cheart do na réigiúin sin a bhfuil cláir dhíothú Aujeszky fhormheasta acu iad a choinneáil ar bun go ceann tréimhse theoranta ama i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/689, agus ba cheart iad a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(19) I gCinneadh 2009/177/CE ón gCoimisiún ([18]), bunaítear liostaí de na Ballstáit agus criosanna agus deighleoga áirithe a bhfuil stádas saor ó ghalair acu, nó atá faoi réir cláir faireachais nó cláir dhíothaithe fhormheasta i dtaca le galair liostaithe ainmhithe uisceacha i gcomhréir le Treoir 2006/88/CE. Ba cheart stádas saor ó ghalair na mBallstát, na gcriosanna agus na ndeighleog sin a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ba cheart na cláir fhormheasta a choinneáil go ceann tréimhse theoranta ama i gcomhréir le hAirteagal 85 de Rialachán (AE) 2020/689, agus ba cheart iad a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(20) Maidir le galair liostaithe ainmhithe uisceacha, tá criosanna agus deighleoga áirithe atá saor ó ghalair agus cláir faireachais fhormheasta nach liostaítear i gCinneadh 2009/177/CE ach a bhfuil liostaí díobh ar fáil go poiblí ar leathanaigh faisnéise idirlíon-bhunaithe na mBallstát i gcomhréir le Treoir 2006/88/CE. Sna criosanna agus sna deighleoga sin ba cheart a stádas saor ó ghalair a choinneáil, agus ba cheart na cláir a choinneáil go ceann tréimhse theoranta i gcomhréir le hAirteagal 85 de Rialachán (AE) 2020/689. Faisnéis atá cothrom le dáta maidir leis na bunaíochtaí atá lonnaithe sna criosanna agus na deighleoga sin atá saor ó ghalair, nó atá faoi réir na gclár sin, déantar an fhaisnéis sin a leagan amach ar an leathanach idirlín atá ar fáil don phobal agus a bunaíodh agus choinnítear ar bun i gcomhréir le hAirteagal 185(3) de Rialachán (AE) 2016/429 agus le hAirteagal 21(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún ([19]).

([13]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/503/AE ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2013 lena n-aithnítear codanna den Aontas a bheith saor ó varróis i mbeacha agus lena mbunaítear ráthaíochtaí breise a theastaíonn i dtaobh trádáil agus allmhairí laistigh den Aontas chun a stádas saor ó varróis a chosaint (IO L 273, 15.10.2013, lch. 38).

([14]) Cinneadh 94/963/CE ón gCoimisiún an 28 Nollaig 1994 lena mbunaítear gur stádas neamh-vacsaínithe maidir le galar Newcastle atá ag an bhFionlainn (IO L 371, 31.12.1994, lch. 29).

([15]) Cinneadh 95/98/CE ón gCoimisiún an 13 Márta 1995 lena mbunaítear gur stádas neamh-vacsaínithe maidir le galar Newcastle atá ag an tSualainn (IO L 75, 4.4.1995, lch. 28).

([16]) Cinneadh 2004/558/CE ón gCoimisiún an 15 Iúil 2004 lena gcuirtear chun feidhme Threoir 64/432/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ráthaíochtaí breise do thrádáil bó-ainmhithe laistigh den Chomhphobal maidir le rineatraicéiteas tógálach buaibheach agus formheas na gclár díothaithe arna dtíolacadh ag Ballstáit áirithe (IO L 249, 23.7.2004, lch. 20).

([17]) Cinneadh 2008/185/CE ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2008 maidir le ráthaíochtaí breise i dtrádáil muc laistigh den Chomhphobal a bhaineann le galar Aujeszky agus critéir chun faisnéis a sholáthar faoin ngalar sin (IO L 59, 4.3.2008, lch. 19).

([18]) Cinneadh 2009/177/CE ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2006/88/CE ón gComhairle maidir le cláir faireachais agus dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair Ballstát, criosanna agus deighleoga (IO L 63, 7.3.2009, lch. 15).

([19]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha i dtaca le bunaíochtaí dobharshaothraithe agus iompróirí ainmhithe uisceacha (IO L 174, 3.6.2020, lch. 345).

(21) Ós rud é go bhfuil na liostaí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo á gcur in ionad na liostaí a leagtar amach i gCinntí 93/52/CEE, 94/963/CE, 95/98/CE, 2003/467/CE, 2004/558/CE, 2008/185/CE agus 2009/177/CE, Rialachán (CE) Uimh. 616/2009 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/503/AE, ba cheart na gníomhartha sin a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina n-ionad.

(22) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an Comhaontú um Tharraingt Siar), agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429, agus gníomhartha de chuid an Choimisiúin atá bunaithe air, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Chuige sin, ba cheart an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) a liostú sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás inarb ábhartha do Thuaisceart Éireann.

(23) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2016/429 ón 21 Aibreán 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin freisin.

(24) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Sa Rialachán seo, leagtar síos rialacha cur chun feidhme do na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, maidir le hainmhithe, a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair agus neamh-vacsaínithe Ballstát áirithe ([20]) nó criosanna nó deighleoga díobh, agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin.

2. Liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo na Ballstáit nó criosanna nó deighleoga díobh araon a measfar a stádas saor ó ghalair nó a gcláir dhíothaithe a bheith formheasta mar a fhoráiltear in Airteagal 280 de Rialachán (AE) 2016/429, agus iad siúd a ndéanfar a stádas saor ó ghalair agus a gcláir dhíothaithe a fhormheas go cuí faoin Rialachán seo agus a liostú go cuí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis.

3. Sa Rialachán seo liostaítear na nithe seo a leanas sna hIarscríbhinní a ghabhann leis:

(a) na Ballstáit nó criosanna nó deighleoga díobh ina bhfuil cláir dhíothaithe éigeantacha fhormheasta le haghaidh galair de Chatagóir B agus cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh galair de Chatagóir C.

(b) na Ballstáit nó criosanna sna Ballstáit sin ag a bhfuil stádas saor ó ghalair agus stádas neamh-vacsaínithe;

(c) deighleoga na mBallstát a bhfuil stádas aitheanta saor ó ghalair acu.

Airteagal 2

Ionfhabhtú le*Brucella abortus, B. melitensis*agus B.*suis*

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe buaibheacha a liostú i gCaibidil 1 de Chuid I d'Iarscríbhinn I.

([20]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe caorach agus gabhair a liostú i gCaibidil 2 de Chuid I d'Iarscríbhinn I.

3. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe éigeantach formheasta maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 3

Ionfhabhtú le coimpléasc Mycobacterium tuberculosis (*M. bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*) (MTBC)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*Mycobacterium bovis, M.caprae* agus *M. tuberculosis*) (MTBC) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn II.

2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe éigeantach formheasta maidir le hionfhabhtú le MTBC a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn II.

Airteagal 4

Ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn III.

2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe éigeantach formheasta maidir le hionfhabhtú le RABV a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn III.

Airteagal 5

Liúcóis bhuaibheach eansótach (LBE)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le liúcóis bhuaibheach eansótach (LBE) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn IV.

2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le LBE a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn IV.

Airteagal 6

Rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch (IBR/IPV)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le rineatraicéiteas tógálach buaibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch (IBR/IPV) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn V.

2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le IBR/IPV a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn V.

Airteagal 7

Ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky (ADV)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky (ADV) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VI.

2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le hionfhabhtú le ADV a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn VI.

Airteagal 8

Buinneach víreasach bhólachta (BVB)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le buinneach víreasach bhólachta (BVB) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VII.

2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le hionfhabhtú le BVB a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn VII.

Airteagal 9

Ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV)

1. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII.

2. Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe roghnach formheasta maidir le hionfhabhtú le BTV a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII.

Airteagal 10

Fíniú le*Varroa*spp.

Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le fíniú le *Varroa spp*. a liostú in Iarscríbhinn IX.

Airteagal 11

Ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle

Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú a liostú in Iarscríbhinn X.

Airteagal 12

Ionfhabtú le fliú éanúil ardphataigineach (HPAI)

Liostófar deighleoga na mBallstát atá saor ó HPAI in Iarscríbhinn XI.

Airteagal 13

Seipticéime fuilreatha víreasach (VHS)

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XII:

(a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le seipticéime fuilreatha víreasach (VHS) ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le VHS ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le VHS, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XII:

(a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le VHS ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le VHS ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le VHS, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 14

Neacróis fhuilghinte thógálach (IHN)

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XIII:

(a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN) ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le IHN ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le IHN, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XIII:

(a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le IHN ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le IHN ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le IHN, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 15

Ionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán atá scriosta sa réigiún ardpholamorfach (ISAV HPR-scriosta)

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XIV:

(a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas ainéime ionfhabhtaíoch na mbradán atá scriosta sa réigiún ardpholamorfach (ISAV HPR-scriosta) ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XIV:

(a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le ISAV HPR-scriosta, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 16

Ionfhabhtú le*Marteilia refringens*

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XV:

(a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens* ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens,* áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XV:

(a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens* ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Marteilia refringens*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 17

Ionfhabhtú le*Bonamia exitiosa*

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XVI:

(a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa* ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa,* áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XVI:

(a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa* ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna agus deighleoga na mBallstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia exitiosa*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 18

Ionfhabhtú le*Bonamia ostreae*

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XVII:

(a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae* ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna nó deighleoga na mBallstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XVII:

(a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae* ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae* ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le *Bonamia ostreae*, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 19

Ionfhabhtú le víreas an tsiondróim spotaí bána (WSSV)

1. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XVIII:

(a) Ballstáit a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le víreas an tsiondróim spotaí bána (WSSV) ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna nó deighleoga na mBallstát ina bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le WSSV ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna nó deighleoga Ballstát ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le WSSV, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

2. Déanfar na nithe seo a leanas a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn XVIII:

(a) Ballstáit a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le WSSV ag a gcríoch iomlán;

(b) criosanna agus deighleoga na mBallstát ina bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le WSSV ag níos mó ná 75 % de chríoch an Bhallstáit; agus

(c) criosanna agus deighleoga Ballstát ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le WSSV, áit a roinntear an dobharcheantar a sholáthraíonn na criosanna nó na deighleoga sin den Bhallstát le Ballstát eile nó le tríú tír.

Airteagal 20

Aisghairm

Aisghairtear na gníomhartha seo a leanas:

— Cinneadh 93/52/CEE;

— Cinneadh 94/963/CE;

— Cinneadh 95/98/CE;

— Cinneadh 2003/467/CE;

— Cinneadh 2004/558/CE;

— Cinneadh 2008/185/CE;

— Cinneadh 2009/177/CE;

— Rialachán (CE) Uimh. 616/2009;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/503/AE.

Airteagal 21

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

IONFHABHTÚ LE *BRUCELLA ABORTUS*, *B. MELITENSIS* AGUS *B. SUIS*

CUID I

Stádas saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*

CAIBIDIL 1

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe buaibheacha

Ballstát (*)	Críoch
An Bheilg	Críoch iomlán
An tSeicia	Críoch iomlán
An Danmhairg	Críoch iomlán
An Ghearmáin	Críoch iomlán
An Eastóin	Críoch iomlán
Éire	Críoch iomlán
An Spáinn	Comunidad Autónoma de Andalucía Comunidad Autónoma de Aragón Comunidad Autónoma de Asturias Comunidad Autónoma de Islas Baleares Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Cantabria Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha Comunidad Autónoma de Castilla y León Comunidad Autónoma de Cataluña Comunidad Autónoma de Extremadura: provincia de Badajoz Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma de La Rioja Comunidad Autónoma de Madrid Comunidad Autónoma de Murcia Comunidad Autónoma de Navarra Comunidad Autónoma de País Vasco Comunidad Autónoma de Valencia
An Fhrainc	Críoch iomlán
An Iodáil	Regione Abruzzo: Provincia di Pescara Regione Campania: Province di Avellino, Benevento, Napoli Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise: Provincia di Campobasso Regione Piemonte

	Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce Regione Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d'Aosta Regione Veneto
An Chipir	Críoch iomlán
An Laitvia	Críoch iomlán
An Liotuáin	Críoch iomlán
Lucsamburg	Críoch iomlán
Málta	Críoch iomlán
An Ísiltír	Críoch iomlán
An Ostair	Críoch iomlán
An Pholainn	Críoch iomlán
An Phortaingéil	Região Algarve: gach *distrito* Região Autónoma dos Açores: Ilhas de Corvo, Faial, Flores, Graciosa, Pico, Santa Maria Região Centro: distritos Aveiro, Viseu, Guarda, Coimbra, Leiria, Castelo Branco
An Rómáin	Críoch iomlán
An tSlóivéin	Críoch iomlán
An tSlóvaic	Críoch iomlán
An Fhionlainn	Críoch iomlán
An tSualainn	Críoch iomlán
An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	Tuaisceart Éireann

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

CAIBIDIL 2

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalair maidir le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe caorach agus gabhair

Ballstát (*)	Críoch
An Bheilg	Críoch iomlán
An tSeicia	Críoch iomlán
An Danmhairg	Críoch iomlán
An Ghearmáin	Críoch iomlán
An Eastóin	Críoch iomlán

Éire	Críoch iomlán
An Spáinn	Críoch iomlán
An Fhrainc	Région Auvergne et Rhône-Alpes Région Bourgogne-Franche-Comté Région Bretagne Région Centre-Val de Loire Région Corse Région Grande Est Région Hauts-de-France Région Ile-de-France Région Normandie Région Nouvelle-Aquitaine Région Occitanie Région Pays de la Loire Région Provence-Alpes-Côte d'Azur
An Iodáil	Regione Abruzzo Regione Calabria: Province di Catanzaro, Cosenza Regione Campania: Provincia di Benevento Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise Regione Piemonte Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi agus Taranto Regione Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d'Aosta Regione Veneto
An Chipir	Críoch iomlán
An Laitvia	Críoch iomlán
An Liotuáin	Críoch iomlán
Lucsamburg	Críoch iomlán
An Ungáir	Críoch iomlán
An Ísiltír	Críoch iomlán
An Ostair	Críoch iomlán
An Pholainn	Críoch iomlán
An Phortaingéil	Região Autónoma dos Açores
